

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA NEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARHA

Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta



Go leor ar siúl an mhí seo.....

- Na hEalaíon
Dúchasacha
- Féiltí
- Imeachtaí
- Scéimeanna
- Deiseanna

An Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige

Ba mhaith le hEalaín na Gaeltachta buíochas a ghabháil leis na daoine óga, scoileanna, teagascóirí agus tuismitheoirí a bhí ag comhoibriú linn ar an gClár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige i mbliana. Ba mhaith linn comhghairdeas mór a dhéanamh leis na daoine óga a ghlac páirt in imeachtaí, ceolchoirmeacha agus taispeántais ag deireadh na scoil bliana. Bhí an-oíche cheiliúrtha in Ionad Leitir Móir ag deireadh mí Bealtaine nuair a tháinig óige an cheantair le chéile chun na poirt, 's na damhsaí a bhí foghlamtha acu i rith na bliana a thaispeáint dá dtuismitheoirí agus dá gclann.

Tá moladh mór tuilte freisin ag na daoine óga a ghlac páirt i bhFeis Árann in Inis Oírr agus do Scoil Náisiúnta Caomháin a chur fáilte is fiche roimh thuismitheoirí agus na ceoltóirí agus amhránaithe óga den scoth- ba mhór an spóirt iad.

Mol an óige agus tiocfaidh sí!



Nuacht/Féilte

Féile Ealaíne an Earagail 10-28 Iúil 2019



Caidé a bheas ag tarlú i nGaeltacht Thír Chonaill?

- Féile Shoilse Thoraí

Tá Féile Shoilse Thoraí ar ais agus aird á tarraingt aici an athuir ar chultúr saibhir Thoraí, dún ársa na bhFomórach, dúiche Bhaloir na Súile Nimhe! Le cois imeachtaí saor in aisce don teaghlach, cluichí traidisiúnta agus barbaiciú, beidh Hothouse Flowers i measc na n-aíonna a bheas le cluinstit ag ceolchoirmeacha sa Chlub Sóisialta míchlúiteach.

- An tSeanbheairic - Ceol Agus Tapas

- Oíche Áirneáil le John F. Deane & Máire Breatnach

- Modern Bards, Teach Jack An Ghlaissigh

- Cosán Ceoil agus Ealaíon Mór – Árainn Mór

Eolas ar fad agus ticéid le díol ar suíomh: www.eaf.ie/

Féile Traid Phicnic 2019 Aoine 5 Iúil - Dé Domhnaigh 7 Iúil:

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Ceolchoirmeacha den scoth, físealaíon, seisiúin, ceardaíocht, oidhreacht agus go leor eile. Tabhair leat do phicnic, d'uachtar gréine, agus do scáth báistí!



Scoil Acla 2019 28 Iúil – 3 Lúnasa

Oileán Acla Co Mhaigh Eo
Eagraíocht is ea Scoil Acla a chuireann teagasc ar fáil sa cheol, sna healaíona agus sa chultúr traidisiúnta Gaelach i rith na bliana ar Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo. Is é an Scoil Samhraidh buaicphointe na bliana a tharlaíonn i mí Iúil gach bliain. Sa bhliain 1910 a bunaíodh an chéad Scoil Acla, agus tá an Scoil Samhraidh á reáchtáil gach bliain ó cuireadh tús leis arís i 1985.
<https://scoilaccla.ie/>

www.angalearai.ie

Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2019

Scéim í seo atá ag freagairt de Phlean Staitéiseach Ealaín (na Gaeltachta) Teo. 2018-2022 agus ar na tosaíochtaí seo go sonrach:

- Cuidiú le pobal na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon.
- Tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú.
- Tacú leis an bhforbairt ar cheannasóirí agus ar chumasóirí chultúrtha.

Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Sonraí uilig le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona - ealain@udaras.ie

Scéim Síol

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar suim leo mionthionscadail nó tosaíochta ealaíon a fhorbairt. (m.sh, forbairt gairme agus oiliúint faoi leith, tacaíocht le seoladh dlúthdhiosca, réiteach taispeántais, trealamh, cothú imeachtaí beaga, féilte beaga ealaíona, srl). Spriocdháta leanúnach.

Tuilleadh eolais maidir leis na scéimeanna seo go léir, foirm iarratais, critéar srl. ar fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon réigiúnacha. Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

An Chomhairle Ealaíon

Dámhachtain do Thionscadail sna nealaíon traidisiúnta **13-Lún**

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie

Éigse Éireann

Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc thíos.

www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Glaoch Áras Inis Gluaire Clár Taispeántais 2020/21

Glacfar le hiarratais suas go **Deireadh Fómhair 2019**. Cuirtear fáilte roimh chuile réimse ealaíona. Cuirtear fáilte chomh maith roimh tograí aonarach nó ó ghrúpa agus tabharfar 3 lá leis an taispeántas a chrochadh.

Breis eolais .09781079 www.arasinisgluaire.ie

Eolas Fúinn




Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Schail
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100

